



Oifigeach Forbartha Cléireachas Laighean

Post lánaimseartha

Dualgais: Tacú le breis chlubanna de chuid Ógras agus Óg-Ógras a bhunú timpeall Chúige Laighean le béim ar Chathair Átha Cliath
Imeachtaí réigiúnda & náisiúnta a eagrú
Cúrsaí oiliúna do cheannairí a eagrú & a reáchtáil
Suíomh idirlíne Ógras a uasdátú go rialta
Tacú le clubanna i taobh maoiniú agus tuairisciú chuig na mBord Oideachais Oiliúna.
Plé le Grinnfhiosrúcháin
Obair riarachán eile.

Riachtanach: Ard-Chaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa
Taithí & Tuiscint ar obair óige
Ard-scileanna cumarsáide & idirphearsanta
Ábalta obair as a stuaim féin
Scileanna maithe ríomhaireachta
Ceadúnas glan tiomána agus teacht ar charr

Lonnaithe: Cúige Laighean

Maoinitheoir: An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lán-Pháirtíochta agus Óige

Tuarastal: €32,677 - €36,788
Post lán-aimseartha ar feadh trí bliana (tar éis 6 mhí tréimhse profa)

Laethanta Saoire: 21 lá pro rata.

Seol iarratais chomh maith le C.V. chuig

cathaoirleach@ogras.ie

Roimh an **Aoine 2 Lúnasa 2024**

Cúlra

Bunaíodh Ógras chun seirbhís óige a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Tugann Ógras cúnamh agus tacaíocht le clubanna óige a bhunú agus a bhuanú timpeall na tíre, chomh maith le traenáil a chur ar fáil i réimse leathan ábhar.

Misean

- An Ghaeilge agus an cultúr agus oidhreacht Ghaelach a chur chun cinn i measc dhaoine óga trí spásanna agus deiseanna a thabhairt do dhaoine le bheith ar a suaimhneas agus an Ghaeilge á húsaid acu mar chuid de phobal na Gaeilge atá ag dul i méid.
- Timpeallachtaí sábhailte a chruthú ar bhealach atá spráúil, nua-aoiseach agus comhaimseartha, a spreagann agus a chuireann ar chumas daoine óga taitneamh a bhaint as a bheith ag úsáid na Gaeilge.
- Clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann macnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta trí ghníomhaíochtaí spráúla, spóirt agus fóillíochta.

Príomhfheidhm an phost:

Beidh an tOifigeach Forbartha Cléireachais fostaithe chun díriú isteach ar chlubanna nua a bhunú agus a láidriú timpeall Chúige Laighean chomh maith le daoine deonacha breis a earcú le dul i mbun clubanna agus tionscnaimh óige.

Aidhmeanna

1. Cur le soláthar seirbhís óige
2. Forbairt a dhéanamh ar chaighdeán & éagsúlacht an tseirbhís óige atá ann cheana féin;
3. Imeachtaí réigiúnach & naisiúnta a eagrú agus a bhuanú;
4. Traenáil agus Oiliúint a chur ar cheannairí óige;
5. Greasán de clubanna agus tionscnaimh óige a fhorbairt timpeall Bhaile Átha Cliath

Spríocanna

Beidh na spríocanna seo a leanas mar chuid den phost:

1. Teagmháil a dhéanamh le grúpaí pobail, scoileanna agus eagraíochtaí nó coistí Gaeilge chun feacht a ardú maidir le obair óige trí mheán na Gaeilge.
2. Ceannairí nua a earcú go rialta
3. Imeachtaí réigiúnda agus naisiúnta a eagrú;
4. Ceardlanna agus tionscadail a eagrú sna clubanna
5. Sonraí teagmhála na gclubanna a choinneáil suas chun dáta
6. Freastal ar chruinnithe thar cheann na heagraíochta
7. Suíomh idirlíne Ógras a uasdátú go rialta
8. Bunachar sonraí ceannairí agus clubanna a uasdátú go rialta
9. Obair Ógras a chur chun cinn trí chruinnithe agus cur i láthair ag ócáidí agus imeachtaí éagsúla
10. Poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí Ógras
11. Tuairiscí agus taifead suas chun dáta a choinneáil ar an obair

Sonraíocht Phearsanta

Scileanna

- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa i nGaeilge agus i mBéarla - cur i láthair san áireamh;
- Scileanna maithe idirphearsanta
- Scileanna maithe ríomhaireachta
- Taithí ar plé leis na meáin shóisialta agus eolach ar bhealaí cruthaíoch le obair Ógras a fhógairt agus a chur chun cinn

Pearsantacht

- Scileanna idirbheartaíochta;
- Scileanna comhréitigh;
- Bheith in inmhe glacadh le treoir agus comhairle a leanúint agus a chur i gcrích;
- Bheith féinspreagtha & ábalta obair as a stuaim féin

Taithí

- Taithí ar Bhainistiú Tionscnamh
- Taithí ar a bheith ag obair le daoine óga
- Taithí ar chúrsaí oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil
- Taithí ar bhunú ghrúpaí/coistí nó ar a bheith ag plé leo
- Taithí ar oideachas neamh-fhoirmeálta

Eolas

- Eolas ar Ógras agus ar an earnáil óige
- Eolas agus tuiscint ar riachtanais daoine óga

Cáilíochtaí

- Cáilíocht 3ú leibhéal in obair óige nó obair pobail nó i réimse gaolmhara nó a chomhionann taithí
- Cáilíocht sa Ghaeilge

Eolas eile:

- Glacfar le hiarratais as Gaeilge amháin don ról seo.
- Beidh na hagallaimh don phost ar siúl thar Zoom
- Post maoinithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Lánpháirtíochta, Míchumais agus Óige.

Is fostóir comhionannas é Ógras agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

